# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# Teastas Sóisearach 2012

# Scéim Mharcála

# Gaeilge

# Gnáthleibhéal

DON SCRÚDAITHEOIR

| SCRÚDUIMHIR ☞ | | Iomlán Na Marcanna | |
|---|---|---|---|

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2012

## GAEILGE – GNÁTHLEIBHÉAL

## Scéim Mharcála

**(240 marc)**

**DÉARDAOIN, 7 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 go dtí 11.30**

---

**STAMPA AN IONAID**

| DON SCRÚDAITHEOIR | |
|---|---|
| **1**. Móriomlán na n-iomlán bun leathanaigh. | 200 |

**Nóta**: ☞
Ní mór don mharc ag **1** thuas a bheith mar an gcéanna leis an **IOMLÁN** sa ghreille ar dheis.

**ROINN I - CLUASTUISCINT**

| | **CUID A** | | **CUID B** | | **CUID C** | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ceist** | **1** | **2** | **1** | **2** | **1** | **2** |
| **Marc** | 8 | 8 | 6 | 6 | 6 | 6 |

☞

| **DON SCRÚDAITHEOIR** | | |
|---|---|---|
| **ROINN** | **CEIST** | **MARC** |
| **II** | **1** | 30 |
| | **2** | 30 |
| | **3** | 60 |
| **III** | **4** | 20 |
| | **5** | 20 |
| | **6** | 40 |
| **IOMLÁN** ☞ | | 200 |
| **CLUASTUISCINT** ☞ | | 40 |
| **MÓRIOMLÁN** ☞ | | 240 |
| **GRÁD** ☞ | | A |

**Roinn I** **Cluastuiscint** **(40 marc)**

**Bíodh na freagraí i nGaeilge ach amháin nuair nach gá sin.**

## Cuid A (16 mharc)

Sé mhír eolais á lorg

**C.1.** ( An Chéad Chainteoir) = 3+3+2 mharc = 8 marc
**C.2**. ( An Dara Cainteoir) = 3+3+2 mharc = 8 marc

**Cuid A** = C1. + C.2. = 16 mharc

**1.** 

## An Chéad Chainteoir

*Caidé mar atá sibh a chairde? Treasa Ní Ruairc ag caint libh.* ***Is as Contae Liatroma mé****. Tá mé san* ***ospidéal*** *mar bhí timpiste bheag agam. Chuir mé mo ghlúin as alt nuair a bhí mé ag imirt* ***peile*** *don scoil. Tá díomá orm mar ní bheidh mé in ann peil a imirt go ceann míosa ar a laghad.*

| ***Ainm*** | ***Treasa Ní Ruairc*** | |
|---|---|---|
| Cad as do Threasa? | • *(Contae) Liatroma* . | **3** |
| Cén fáth a bhfuil sí san ospidéal? | • *Timpiste / glúin* | **3** |
| Cén spórt a imríonn sí? | • *Peil* | **2** |

8✓

**2.**

## An Dara Cainteoir

*Dia dhaoibh. Is mise Traolach Ó Súilleabháin. Rugadh mé i gCorcaigh ach tá cónaí orm anois* ***i mBaile Átha Cliath.*** *Is tiománaí tacsaí í mo mháthair agus tá m'athair ag obair* **i Londain***. Beidh mé ag dul go dtí Cluichí Oilimpeacha 2012 an samhradh seo mar cheannaigh m'athair ticéad dom. Is maith liom ceol agus is í* ***Adele*** *an t-amhránaí is fearr liom.*

| ***Ainm*** | ***Traolach Ó Súilleabháin*** | |
|---|---|---|
| Cá bhfuil Traolach ina chónaí anois? | • *(i m)Baile Átha Cliath. / B.Á.C.* . | **3** |
| Cén áit a bhfuil a athair ag obair anois? | • *(i) Londain.* | **3** |
| Cén t-amhránaí is fearr leis? | • *Adele* | **2** |

8✓

**16**

## Cuid B (12 mharc)

4 mhír eolais á lorg

**C.1.** ( Fógra) = (**a**) 3 mharc + (**b**) 3 mharc = 6 mharc
**C.2**. ( Píosa Nuachta) = (**a**) 3 mharc + (**b**) 3 mharc = 6 marc

**Cuid B** = <u>C1. + C.2. = 12 mharc</u>

## 1. Fógra


*Seo í **réamhaisnéis na haimsire**. Glanfaidh an bháisteach atá go forleathan anois i ndeisceart na tíre. Beidh an tráthnóna **grianmhar** ar fud na tíre. Idir naoi gcéim déag celsius agus trí chéim is fiche celsius a bheidh an teocht anocht.*




(**a**)



(**b**)



(**c**)



(**d**)

**(a)** Cén pictiúr a théann leis an bhfógra seo? **a** **3**

**(b)** Conas a bheidh an tráthnóna ar fud na tíre?

(**a**) fuar

(**b**) fliuch **c** **3**

**<u>6</u>**✓

(**c**) ***grianmhar***

(**d**) scamallach

**2.** **Píosa Nuachta**

*A mhúinteoirí agus a dhaltaí, ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh le Stiofán Ó Siochrú. Bhuaigh Stiofán an chéad duais mar Eolaí Óg Na Bliana san RDS inné. Is cúis onóra í sin don scoil. Tá gach éinne sa scoil fíorbhródúil asat a Stiofáin.*







(**a**) (**b**) (**c**) (**d**)

**(a)** Cén pictiúr a théann leis an bpíosa seo? **c** **3**

**(b)** Cad a bhuaigh Stiofán Ó Siochrú ?

- **(a)** €100
- **(b)** An chéad duais mar Eolaí Óg na Bliana
- **(c)** Rothar
- **(d)** An chéad duais sa chomórtas fichille

**b** **3**

6✓

**16 + 12 = 28**

## Cuid C (12 mharc)

4 mhír eolais á lorg

**C.1.** (Comhrá a hAon) = (**a**) 3 mharc + (**b**) 3 mharc = 6 marc
**C.2**. (Comhrá a Dó) = (**a**) 3 mharc + (**b**) 3 mharc = 6 marc

**Cuid C =** C1. + C.2. = 12 mharc

**1.** **Comhrá a hAon**

**An Chéad Mhír**

**Róise**: *Haló, a Pheadair! An raibh tú **ag gceolchoirm** aréir*?


**Peadar**: *Ó bhí mé. Chonaic mé tú féin ann.*

**Róise**: *Bhí an banna ceoil, Páistí Lir, go maith, a Pheadair.*

**Peadar**: *Ah ní raibh banna ceoil, Dórémí, chomh maith leo.*



(**a**)



(**b**)



(**c**)




(**d**)

**(a)** Cá bhfaca Peadar Róise aréir? **b** **3**

**An Dara Mír**

**Róise**: *Bhí uirlis cheoil as tiúin nuair a bhí Dórémí ag seinm*?

**Peadar**: ***An phíb uilleann** nó **an bosca ceoil***?

**Róise**: *An bosca ceoil, a Pheadair.*

**Peadar**: *Ach tá cluas mhaith ag Criostóir*.

**Róise**: An *córas fuaime b'fhéidir*!

**Peadar**: *Bhí an fhuaim go dona*.

**Róise**: *Tá an tsíleáil sa halla sin ró-ard a Pheadair*.

**(b)** Cén dá uirlis ceoil a bhí le cloisteáil?

(**a**) ***Píb uilleann agus bosca ceoil***

(**b**) Pianó agus giotar **a** **3**

(**c**) Drumaí agus pianó

(**d**) Fidil agus bodhrán

6✓

**2.** **Comhrá a Dó**

**An Chéad Mhír**


**Sadhbh**: *Dia duit, a Choilm. Bhfuil bomaite agat*?

**Colm**: *Cinnte, a Shadhbh. Caidé atá ag cur as duit a thaisce*?

**Sadhbh**: *Chaill mé **fáinne cluaise** ag an dioscó aréir.*

**Colm**: *Nach cuimhin leat? Thug tú dom é ag deireadh na hoíche.*

**Sadhbh** *Iontach. Fuair mé an péire mar fhéirín Nollag.*




(**a**) (**b**) (**c**) (**d**)

**(a)** Cad a thug Sadhbh do Cholm?

d

**3**

**An Dara Mír**

**Colm**: *Cé a thug duit iad*?

**Sadhbh**: *Mo dheirfiúr Sandra.*

**Colm**: *Ar aon nós tá an ceann a bhí ag gortú do chluaise agam.*

**Sadhbh**: *An bhfuil tú **sa bhaile** anois a Choilm*?

**Colm**: *Tá mé. Buail trasna chugam anois, a Shadhbh.*

Sadhbh: *Feicfidh mé thú i gcionn leathuaire.*

**(b)** Cá bhfuil Colm anois?

(**a**) Ar scoil

(**b**) Ar an tsráid

(**c**) ***Sa bhaile***

**(d)** sa siopa

**c**

**3**

6 ✓

**28 +12 = 40**

| **Roinn II** | **Léamhthuiscint** | **120 marc** |
|---|---|---|

**Gach ceist gach le freagairt**:

**Ceist 1** = Meaitseáil = 30 marc
**Ceist 2** = Fógraí = 30 marc
**Ceist 3** = Sleachta leanúnacha = 60 marc
**C.1 + C.2 + C.3 = 120 marc**

**30**

**C.1** 30 marc = 3 mharc x 10 = 30 marc

| **Uimhir** | **Litir** | **Marc** |
|---|---|---|
| **1** | **D** | 3✓ |
| **2** | **A** | 3✓ |
| **3** | **G** | 3✓ |
| **4** | **C** | 3✓ |
| **5** | **I** | 3✓ |
| **6** | **B** | 3✓ |
| **7** | **J** | 3✓ |
| **8** | **E** | 3✓ |
| **9** | **F** | **3✓** |
| **10** | **H** | **3✓** |

| **Don Scrúdaitheoir** Iomlán reatha→ | 30 |
|---|---|

30

**15 +15 = 30**

**C.2** **Trí** Fhógra (rogha **dhá cheann** de (**a**), (**b**), (**c**) le freagairt 30 marc

(**a**) Léigh an **fógra** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. **(15 mharc)**

# Ionad Spórt an Chlocháin

## Imeachtaí san Ionad

**1. Campaí Samhraidh do Pháistí**

**Aoisghrúpa:** Idir 3-14 bliana d'aois
**Costas:** €80 in aghaidh na seachtaine

❖ **Gníomhaíochtaí**
- Snámh agus cluichí san uisce
- Sacar faoi dhíon
- Leadóg bhoird
- Ealaíona agus ceardaíocht

**2. Dianchúrsaí Snámha do Pháistí**
i rith shaoire na Cásca

**Beidh snámh agat tar éis seachtaine.**

**3. Cúrsaí Aclaíochta do Dhaoine Fásta**

**Costas**
**Bliain amháin**: €200; **6 mhí**: €150
**NÓ** €4 in aghaidh an lae
**Teagmháil:**
**Fón**: 091-38401.
**Ríomhphost**: eolas@ionadsportanchlochain.ie

**(i)** Cén costas atá ar na campaí samhraidh do pháistí? ***€80*, 80** **5**

**(ii)** Cathain a bheidh na dianchúrsaí snámha do pháisti ar siúl?
**An Cháisc** / [***i rith (shaoire) na***] ***Cásca*** **5**

**(iii)** Cad atá ar fáil do dhaoine fásta in Ionad Spórt an Chlocháin? (***cúrsaí) aclaíocht(a)*** **5**

15✓

| Don Scrúdaitheoir<br>Iomlán reatha→ | 30 + 30 | = | 60 |
|---|---|---|---|

(**b**) Léigh an **fógra** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. (**15 mharc**)

# An Ceoláras Náisiúnta

Príomhionad an cheoil bheo in Éirinn
Na ceoltóirí agus na ceolfhoirne is fearr le cloisteáil ann
Os cionn 400 ceolchoirm ann gach bliain

## Ceol Beo

- Ceol clasaiceach le cloisteáil ann
- Snagcheol le cloisteáil ann
- Ceol traidisiúnta le cloisteáil ann

## Ranganna Ceoil

- Do pháistí idir 3 mhí agus 5 bliana d'aois
- Ranganna speisialta do leanaí atá san ospidéal

## Scoil Amhránaíochta

- Do pháistí idir 8 mbliana agus 12 bhliain d'aois
- Do scoláirí iarbhunscoile
- Foghlaim conas amhráin a scríobh
- Foghlaim conas amhráin a thaifeadadh

**Tuilleadh eolais:**

**Fón**: 01- 417007 **Ríomhphost**: info@nch.ie **Brabhsáil**: www.nch.ie

(**i**) Luaigh ceann **amháin** de na sóirt cheoil bheo a bhíonn le cloisteáil sa Cheoláras Náisiúnta. **5**

- ***(Ceol) clasaiceach***
- ***Snagcheol***
- ***(Ceol) traidisiúnta /Traid***

**(ii)** Cé dóibh na ranganna speisialta ceoil? ***do leanaí san ospidéal*** **5**

(**iii**) Cad atá le foghlaim sa scoil amhránaíochta? ***amhráin a scríobh agus a thaifeadadh*** **5 (3**+**2)**

15✓

(**c**) Léigh an **fógra** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. **(15 mharc)**

# Timpeall an Chúinne

# Ollmhargadh Uí Mhurchú – Bun na Sráide

## Cabhraigh le do cheantar féin - Déan do shiopadóireacht anseo

Cúntóirí cairdiúla ag obair anseo
Praghsanna ísle
Bia úr agus glasraí úra – díreach ó na feirmeacha áitiúla

**Gach Máirt –** glasraí agus torthaí ar leathphraghas
**Gach Déardaoin –** lacáiste 10% ar aon bhille €20 nó os a chionn

**Sábháil 15% ar na hearraí seo**:

Sáspain, Éadaí leapa,
Dlúthdhioscaí,
Plandaí, Lomairí féir,
Cathaoireacha agus táblaí.

Ríomhphost: eolas@t.chuinne.ie
Siopadóireacht ar líne: t.chuinne@bunnasraide.ie

**Siopadóireacht ar líne:**
Caith €50 euro nó os a chionn agus tabharfar na hearraí go dtí do dhoras saor in aisce.

(**i**) Conas is féidir leat cabhrú le do cheantar féin?
***Siopadóireacht (a dhéanamh in Ollmhargadh Uí Mhurchú).*** **5**

**(ii)** Cad a bhíonn le ceannach ar leathphraghas gach Máirt? ***Glasraí agus torthaí.*** **5(3+2)**

(**iii**) Cé mhéad atá le sábháil agat má cheannaíonn tú éadaí leapa sa siopa, *Timpeall an Chúinne*? ***15%*** **5**

[15]✓

60

**C.3** **Dhá** Shliocht Leanúnach**:** (**a**) ***agus*** (**b**) le freagairt = 30 + 30 = 60 marc

**(a)** (**i**) = 6 mharc + (**ii**) = 6 mharc + (**iii**) = 6 mharc + (**iv**) = 6 mharc + (**v**) = 6 mharc
= 6 mharc x 5 = 30 marc

## Beir bua, a Ghiovanni Trapattoni

**1.** Is é Giovanni Trapattoni an bainisteoir ar fhoireann sacair na hÉireann. Rugadh é ar 17 Márta sa bhliain 1939 in Cusano Milanino san Iodáil. Bíonn Giovanni agus foireann sacair na hÉireann le feiceáil i ngach seomra teilifíse na laethanta seo mar tá siad ag imirt i gcomórtas sacair Euro 2012.

**2**. D'imir Giovanni Trapattoni sacar le AC Milan, Varese agus le foireann náisiúnta na hIodáile. Ina dhiaidh sin chaith sé tamall mar bhainisteoir le mórán clubanna. Bhí sé ina bhainisteoir, freisin, ar fhoireann na hIodáile. Ceapadh é mar bhainisteoir ar fhoireann na hÉireann i mí na Bealtaine, 2008.

**3.** Is í Manuela Spinelli an bhean a chabhraíonn le Giovanni Trapattoni nuair a bhíonn sé ag labhairt i mBéarla ag ócáidí poiblí. Tá Béarla agus Iodáilis aici. Ní raibh ach cúpla focal Béarla ag Trapattoní in 2008 ach tá feabhas tagtha ar a chuid Béarla ó shin. Ach mar sin féin bíonn Manuela ann i gcónaí chun cabhrú leis.

**4.** Bhí an mí-ádh ar Ghiovanni Trapattoni agus ar fhoireann na hÉireann nár éirigh leo dul chomh fada le Corn an Domhain in 2010. Is cuimhin linn go léir an lámh chúnta a thug Thierry Henry don Fhrainc sa chluiche sin in aghaidh na hÉireann i bPáras ar 18 Samhain 2009. Briseadh croíthe Éireannacha an oíche sin.

**5.** Ach níl ann ach cluiche agus tá dearmad déanta againn air sin anois. Cloisfear *Amhrán na bhFiann* ag Euro 2012 go ceann tamaillín eile an samhradh seo. Beir bua agus beannacht leat, a Ghiovanni Trapattoni.

(**i**) Cén fáth a mbíonn foireann na hÉireann le feiceáil i ngach seomra teilifíse na laethanta seo? **(Alt 1)**

- ***Mar tá foireann sacair na hÉireann ag imirt i gcomórtas sacair Euro 2012*.** **6**

(**ii**) Cén post atá ag Giovanni Trapattoni anois? **(Alt 1** agus **Alt 2)**

- ***Bainisteoir na hÉireann*** **6**

(**iii**) Cé a bhíonn ag cabhrú leis ag ócáidí poiblí? **(Alt 3)**

- ***Manuela Spinelli / Manuela / Spinelli*** **6**

(**iv**) Cén comórtas sacair a bhí ar siúl in 2010? **(Alt 4)**

- ***Corn an Domhain*** **6**

(**v**) Ainmnigh an t-amhrán a chloisfear ag Euro 2012 go ceann tamaillín eile an samhradh seo.**(Alt 5)**

- ***Amhrán na bhFiann*** **6**

30✓

| **Don Scrúdaitheoir** Iomlán reatha→ | 60 + 60 | = | 120 |
|---|---|---|---|

**(b)** (**i**) = 6 mharc + (**ii**) = 6 mharc + (**iii**) = 6 mharc + (**iv**) = 6 mharc + (**v**) = 6 mharc

= 6 mharc x 5 = 30 marc

# Jedward

**1.** Is beag duine anois nár chuala trácht éigin ar Jedward.Tá súil aithne ag gach duine orthu mar tá an stíl ghruaige atá acu difriúil. Bíonn go leor daoine ag caint fúthu, fiú amháin polaiteoirí

**2.** Bhí Jedward ar an gclár *X- Factor* ar feadh seacht seachtaine in 2009. Dúirt David Cameron, Príomh-Aire Shasana, gur bhain sé níos mó taitnimh astu ná a bhain sé as aon duine eile a bhí ar an gclár sin ag an am.Cheannaigh sé T-léine a raibh pictiúr de Jedward uirthi.

**3.** Is iad John agus Edward na hainmneacha atá orthu. Grimes is sloinne dóibh Is cúpla iad. Tá John deich nóiméad níos sine ná Edward. Tá deartháir amháin acu. Tógadh i gContae Chill Dara iad.

**4.** Bhí suim acu sa phopcheol i gcónaí. Ghlac siad páirt i seónna tallainne ar scoil go minic. Bhí tionchar mór ag Justin Timberlake, Britney Spears agus The Backstreet Boys orthu ag an am.Ghlac siad páirt sa lúthchleasaíocht freisin agus ba bhaill iad de Lucan Harriers Athletic Club. Is maith leo sacar agus leanann siad Newcastle United agus Glasgow Celtic.

**5.** In 2011 chan siad an t-amhrán *Lipstick* ar son na hÉireann sa Chomórtas Eoraifíse. Níor bhuaigh siad an comórtas ach rinne siad go maith mar chríochnaigh siad san ochtú háit. Tá ag éirí go maith leo ó shin agus tá an-tóir orthu.

**(i)** Cén fáth a bhfuil súilaithne ag gach duine ar Jedward? **(Alt 1)**

- ***(Tá an) stíl ghruaige (atá acu difriúil).*** **[Gruaig]** **6**

**(ii)** Cad a bhí ar an T-léine a cheannaigh David Cameron? **(Alt 2)**

- ***Pictiúr de Jedward / Jedward*** **6**

**(iii)** Cé acu duine den bheirt is sine? **(Alt 3)**

- ***John / Tá John deich nóiméad níos sine ná Edward.*** **6**

**(iv)** Luaigh caitheamh aimsire **amháin** eile (taobh amuigh den phopcheol) a bhfuil suim acu ann. **(Alt 4)**

- ***Lúthchleasaíocht / sacar*** **6**

**(v)** Cén ócáid a bhí ar siúl nuair a chan Jedward an t-amhrán *Lipstick* in 2011? **(Alt 5)**

- ***An Comórtas Eoraifíse / Eoraifise*** **6**

30✓

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Roinn III** | **Scríobh na Teanga** | **Gach gach ceist le freagairt** | **80 marc** |

**C.4** = **Cárta Poist** = 20 marc; **C.5** = **Blag / Cuntas** = 20 marc; **C.6** = **Litir *nó* Alt / Cuntas** = 40 marc

**C**.4 + **C**.5 + **C**.6 = 80 marc

**20**

## C. 4 Cárta Poist 20 marc

Tá tú ag freastal ar **Choláiste Gaeilge**. Scríobh **cárta poist** chuig do chara.

**Na Pointí Eolais/ Tascanna luaite**
Luaigh na pointí seo a leanas ar an gcárta:

**Pointe 1**: cá fhad atá tú ann anois
**Pointe 2**: an aimsir
**Pointe 3**: rud amháin faoi na ranganna
**Pointe 4**: an caitheamh aimsire is fearr leat ann
**Pointe 5**: cathain a fheicfidh tú do chara

| **Na Marcanna don Eolas** | **(**marc as 5 mharc**)** |
|---|---|
| **Cúig cinn** de na pointí eolais luaite | = 5 mharc |
| **Ceithre cinn** de na pointí eolais luaite | = 4 mharc |
| **Trí cinn** de na pointí eolais luaite | = 3 mharc |
| **Dhá cheann** de na pointí eolais luaite | = 2 mharc |
| **Ceann amháin** de na pointí eolais luaite | = 1 mharc |

- Ní gá síniú ná beannú a bheith ann.
- Bronn na marcanna eolais ar phointí loma.

✓ **Eolas =** Comhlíonadh na bpointí atá luaite = marc as 5 mharc
✓ Bronntar marcanna eolais ar phointí loma.
✓ **N.B**. Mura ndéanann an t-iarrthóir tagairt do Choláiste Gaeilge **bain (-3 mharc) den mharc a bronnadh** mar níl an tasc comhlíonta.
✓ **Gaeilge:** Aimsirí / Forbairt / Saibhreas Foclóra / Cumas Cumarsáide **15 mharc**

✓ ‘0’**(náid)** ar eolas ➔ ‘0’**(náid)** ar Ghaeilge.

✓ Bíodh **coibhneas** idir an marc a bhronntar ar ‘**Eolas**’ agus an marc a bhronntar ar ‘**Gaeilge**’.


**Eolas: 5 / 5**
**Gaeilge: 15 / 15**

| **Don Scrúdaitheoir** Iomlán reatha→ | 120 + 20 | = | 140 |
|---|---|---|---|

20

## C. 5 Cuntas / Blag 20 marc

Is tusa Seán nó Nóra sna pictiúir thíos.
Scríobh cuntas / blag faoi na rudaí a tharla sna Pictiúir 1-3.




| Pictiúr 1 | Pictiúr 2 | Pictiúr 3 | Pictiúr 4 |
|---|---|---|---|
| Fáilte | Seán agus Nóra i halla an tí | Eolas faoin lá sa teach | Cuntas/Blag |

- ✓ **Eolas =** Comhlíonadh na bpointí atá luaite = marc as 4 mharc
- ✓ Bronntar marcanna eolais ar phointí loma.
- ✓ N.B. Mura ndéantar tagairt do **'cuairt a thug sí ar a cara'** *nó* '**cara a thug cuairt air' bain (- 3 mharc)** den mharc a bronnadh mar níl an tasc comhlíonta**.**

Luaigh sa chuntas/ sa bhlag*:*

**Pictiúr 1** = pointe eolais amháin
**Pictiúr 2** = pointe eolais eile
**Pictiúr 3** = **dhá** phointe eolais

**Na Marcanna don Eolas** (marc as 4 mharc)

**Ceithre cinn** de na pointí eolais luaite = 4 mharc
**Trí cinn** de na pointí eolais luaite = 3 mharc
**Dhá cheann** de na pointí eolais luaite = 2 mharc
**Ceann amháin** de na pointí luaite = 1 mharc

- ✓ **Gaeilge:** Aimsirí / Forbairt / Saibhreas Foclóra / Cumas Cumarsáide: **blocmharc as 16 mharc**
- ✓ '0'**(náid)** ar eolas ➔ '0'**(náid)** ar Ghaeilge.
- ✓ Bíodh **coibhneas** idir an marc a bhronntar ar '**Eolas**' agus an marc a bhronntar ar '**Gaeilge**'

**Eolas**: 4 / 4
**Gaeilge**: 16 / 16

40

**C. 6** Freagair (**a**) **Litir** *nó* (**b**) **Alt / Cuntas** **40 marc**

## (**a**) **Litir**

Tá post samhraidh faighte agat.
Scríobh litir faoi chuig do dheartháir atá ina chónaí thar lear.




**Foirmlí:** = 4 mharc

**seoladh** = 1 mharc
**dátaí** = 1 mharc
**beannú** = 1 mharc
**síniú scoir** = 1 mharc

**Na Pointí Eolais / Tascanna luaite**
Luaigh na pointí seo sa litir:
**Pointe 1** cá bhfuil tú ag obair
**Pointe 2** conas a fuair tú an post
**Pointe 3** cad a bhíonn le déanamh agat ann
**Pointe 4** rud **amháin** a rinne tú leis an airgead

**Na Marcanna don Eolas** (marc as 8 mharc)
(2 mharc x 4) = 8 marc
(Bronntar marcanna eolais ar phointí loma.)
**Ceithre cinn** de na pointí eolais luaite = 8 marc
**Trí cinn** de na pointí eolais luaite = 6 mharc
**Dhá cheann** de na pointí eolais luaite = 4 mharc
**Ceann amháin** de na pointí luaite = 2 mharc

**Gaeilge:** Aimsirí / Forbairt / Saibhreas Foclóra / Cumas Cumarsáide: **blocmharc as 28 marc**

‘0’**(náid)** ar eolas ➔ ‘0’**(náid)** ar Ghaeilge.

Bíodh **coibhneas** idir an marc a bhronntar ar ‘**Eolas**’ agus an marc a bhronntar ar ‘**Gaeilge**’

**F= 4/4**
**E= 8/8**
**G= 28/28**
**[C.6 (a)= 40]**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Don Scrúdaitheoir** Iomlán reatha→ | 160 + 40 | = | 200 |

**(a)** **Alt/Cuntas (15 líne nó mar sin**). **40 marc**

Is tusa Liam nó Úna, duine de na daoine óga atá sna pictiúir thíos.

Scríobh síos an scéal atá léirithe sa tsraith pictiúr. Is tusa atá ag insint an scéil.




- ✓ **Eolas:** 5 phointe eolais x 2 mharc an ceann = 10 marc
- ✓ Bronntar marcanna ar phointí loma eolais.

**Na Pointí Eolais / Tascanna luaite**

**Pointe 1** as Sraith Pictiúr 1

**Pointe 2** as Sraith Pictiúr 2

**Pointe 3** as Sraith Pictiur 3

**Pointe 4** as Sraith Pictiúr 4

**Pointe 5** - pointe **eile** as Sraith ar bith

**Na Marcanna don Eolas** (marc as 10 marc)

**Cúig cinn** de na pointí luaite = 10 marc
**Ceithre cinn** de na pointí luaite = 8 marc
**Trí cinn** de na pointí luaite = 6 mharc
**Dhá cheann** de na pointí luaite = 4 mharc
**Ceann amhain** de na pointí luaite = 2 mharc

- ✓ **Gaeilge:**
- ✓ Aimsirí / Forbairt / Saibhreas Foclóra / Cumas Cumarsáide: **blocmharc as 30 marc**
- ✓ '0'**(náid)** ar eolas ➔ '0'**(náid)** ar Ghaeilge.
- ✓ Bíodh **coibhneas** idir an marc a bhronntar ar '**Eolas**' agus an marc a bhronntar ar '**Gaeilge**'

**E = 10 /10**
**G= 30 / 30**
**C. 6 (b) = 40**

**Nóta:**

I Roinn III - Scríobh na Teanga, caithfidh coibhneas a bheith ann idir na marcanna a bhronntar ar eolas agus na marcanna a bhronntar ar Ghaeilge. Is chuige sin atá na táblaí seo a leanas iniata:

**Tábla 1**. [Marcanna as 15]

| Eolas | Marc don Ghaeilge | Grád | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **1** phointe | as **3** mharc | A = **3** | B = **2** | C = **2** | D= **1** |
| | | E=**1** | F = **0** | **NG** = **0** | |
| **2** phointe | as **6** mharc | A = **5-6** | B = **4** | C = **3** | D= **2** |
| | | E = **2** | F =**1** | NG = **0** | |
| **3** phointe | as **9** marc | A = **7-9** | B = **6** | C = 5 | D= **4** |
| | | E = **3** | F = **1** | NG= **0** | |
| **4** phointe | as **12** marc | A=**10-12** | B = **8-9** | C = **7** | D=**5-6** |
| | | E = **3-4** | F = **2** | NG = **1** | |
| **5** phointe | as **15** mharc | A= **13-15** | B=**10-12** | C= 8-9 | D= **6-7** |
| | | E= **4-5** | F= **2-3** | NG= 1 | |

**Tábla 2**. [Marcanna as 16]

| Eolas | Marc don Ghaeilge | Grád | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **1** phointe | as **4** mharc | A = **3-4** | B = **3** | C = **2** | D= **1** |
| | | E=**1** | F = **0** | **NG** = **0** | |
| **2** phointe | as **8** mharc | A = 7-**8** | B = **6-7** | C = **4-5** | D= **3** |
| | | E = **2** | F =**1** | NG = **0** | |
| **3** phointe | as **12** marc | A = **10-12** | B = **8-9** | C = 7 | D= **5-6** |
| | | E = **3-4** | F = **2** | NG= **1** | |
| **4** phointe | as **16** marc | A=**14-16** | B = **11-13** | C = **9-10** | D=**6-8** |
| | | E = **4-5** | F = **2-3** | NG =0- **1** | |

**Tábla 3 [Marcanna as 28]**

| **Eolas** | **Marc don Ghaeilge** | **Grád** | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **1** phointe | as **7** marc | A = **6-7** | B = **5** | C = **4** | D = **3** |
| | | E = **2** | F = **1-2** | **NG = 0** | |
| **2** phointe | as **14** mharc | A = **12-14** | B = **10-11** | C = **8-9** | D = **6-7** |
| | | E = **4-5** | F = **2-3** | NG = **0-1** | |
| **3** phointe | as **21** marc | A = **19-21** | B = **15-18** | C = **12-14** | D= **8-11** |
| | | E = **5-7** | F = **3-4** | NG= **0-2** | |
| **4** phointe | as **28** marc | A=**24-28** | B = **20-23** | C = **15-19** | D=**11-14** |
| | | E = **7-10** | F = **4-6** | NG = **0-3** | |

**Tábla 4 [ Marcanna as 30]**

| **Eolas** | **Marc don Ghaeilge** | **Grád** | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **1** phointe | as **6** mharc | A = **6** | B = **5** | C = **4** | D= **3** |
| | | E=**2** | F = **1** | **NG = 0** | |
| **2** phointe | as **12** mharc | A = **10-12** | B = **9** | C = **7-8** | D= **5-6** |
| | | E = **3-4** | F =**1-2** | NG = **0** | |
| **3** phointe | as **18** marc | A = **16-18** | B = **13-15** | C = **10-12** | D= **8-9** |
| | | E = **5-7** | F = **2-4** | NG= **0-1** | |
| **4** phointe | as **24** marc | A=**21-24** | B = **17-20** | C = **13-16** | D=**10-12** |
| | | E = **6-9** | F = **3-5** | NG = **0-2** | |
| **5** phointe | as **30** marc | A= **26-30** | B=**21-25** | C= 17-20 | D= **12-16** |
| | | E= **7-11** | F= **5-6** | NG= 0-4 | |

# Oiriúntas Réasúnta

Tá roinnt leasuithe ar an **Scéim Mharcála** le cur i bhfeidhm i gcás iarrthóirí a bhfuil socruithe speisialta, i gcás na marcála, ceadaithe ag **Coimisiún na Scrúduithe Stáit** dóibh agus a bhfuil **réiltíní** in aice lena scrúduimhreacha ar na **Leatháin Mharcála**.

Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm sna cásanna seo:

**1)** Iarrthóirí a bhfuil cealú (waiver) ceadaithe dóibh maidir le **litriú** agus **gramadach**.
**Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm.**

**2)** Iarrthóirí a **d'úsáid**:

- scríobhaí (scribe)
- téipthaifeadán
- próiseálaí focal nó ríomhaire**.**

**Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm.**

Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm maidir le **litriú** agus **cruinneas gramadaí** sna freagraí ar na ceisteanna a bhfuil a leithéid i gceist iontu, **i.e. Roinn III Ceapadóireacht: C.4, C.5, agus C.6.** Ní chuirtear aon **phionós** ar **'drochlitriú'** ná ar '**easpa cruinnis sa ghramadach'** i bhfeidhm sa mharcáil ar na freagraí i Roinn I sa Scrúdú Cluastuisceana agus i Roinn II sa Léamhthuiscint.

I gcás aon iarrthóra a bhfuil **oiriúntais réasúnta faofa** dó/di iarrtar ar an scrúdaitheoir é/í a **mharcáil** sa **ghnáthshlí** d'réir na scéime marcála. Ansin téitear siar ar na marcanna a bronnadh ar chruinneas sna freagraí ar cheisteanna 4, 5 agus 6 agus tugtar **luacháil chéimithe** don iarrthóir ansin. Féach thíos.

**Luacháil chéimithe** don iarrthóir a bhfuil **Oiriúntas Réasúnta** faofa dó/di:

**Ceist 4**

| | |
|---|---|
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 1 – 5** | + **0 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 6 – 10** | + **1 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 11 – 13** | + **2 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 14/15** | **→15mharc** |

**Ceist 5**

| | |
|---|---|
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 1 – 5** | + **0 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 6 – 10** | + **1 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 11 – 14** | + **2 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 15/16** | **→16mharc** |

**Ceist 6 (a) Litir**

| | |
|---|---|
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 1 – 5** | + **0 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 6 – 10** | + **1 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 11 – 14** | + **2 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 16 – 20** | + **3 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 21– 24** | + **4 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 25/26/27/28** | **→28 marc** |

**Ceist 6 (b) Alt/Cuntas**

| | |
|---|---|
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 1 – 5** | + **0 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 6 – 10** | + **1 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 11 – 14** | + **2 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 16 – 20** | + **3 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 21– 26** | + **4 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 27/28/29/30** | **→30 marc** |

Ní mór an cealú seo a thaispeáint ar an **bhfreagarleabhar**, taobh **istigh** agus ar an **gclúdach** taobh **amuigh.**